# Laethanta Saoire – Holidays




*An mbeifeá ábalta na ceisteanna seo thíos a fhreagairt? Would you be able to answer the questions below?*

Cuimhnigh! Bíonn an briathar ag tús na habairte. Remember! The verb comes first in the sentence!

*An ndeachaigh tú ar laethanta saoire an samhradh seo caite? Cá ndeachaigh tú? Conas ar thaistil tú ann? Cár fhan tú? Conas a bhí an aimsir? Céard a rinne tú gach lá?*

Did you go on holidays last summer? Where did you go? How did you travel there? Where did you stay? How was the weather? What did you do every day?

**Chuireamar arasán in áirithint trí**

Céard is brí leis seo?

What does this mean?

*Léigh an cárta poist thíos agus ansin bain triail as na habairtí a aistriú.*

Read the post card below and then attempt to translate the sentences.



Seán Ó Domhnaill,
Na Solláin,
Contae Chill Dara.

A Sheáin, a chara,

Haigh!! Táimse ar laethanta saoire le mo theaghlach i dTrá Lí i gContae Chiarraí. Táim ar mhuin na muice!! ☺ Táimid ag fanacht in óstán álainn darb ainm The Rose Hotel. Óstán ceithre réalta is ea é agus tá na leapacha an-chompordach, buíochas le Dia. Ithimid bricfeasta breá blasta gach maidin. Tá Féile Rós Thrá Lí ar siúl an tseachtain seo agus, mar sin, tá atmaisféar leictreach ar an mbaile. Chonaic mé a lán cailíní áille sa pharáid.

Téim chuig an trá gach lá le mo mhuintir. Bím ag lapadáil (paddling) san fharraige gach lá. Inné, chuamar chuig Trá Inse. Creid é nó ná creid, tá an trá sin thart ar 3 mhíle ar fhad. Bhí na radharcanna dochreidte ar fad agus ní raibh an t-uisce rófhuar.

Tá mé an-sásta leis an aimsir anseo. Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus níl puth ghaoithe ann. Ní fhaca mé braon báistí ó d'fhág mé an baile. Tá sé an-te agus an-mheirbh (close). Tá sop allais liom (sweaty). Bhuail mé le go leor déagóirí eile anseo agus tá a lán cairde nua déanta agam. Tá an chraic go hiontach!!

Fillfidh mé (I will return) abhaile an tseachtain seo chugainn. Táim ag súil le (looking forward to) tú a fheiceáil.

Slán,
Do chara dílis,
________________

roseoftralee
INTERNATIONAL FESTIVAL






1. Hi!! ________________
2. I'm on holidays with my family. ________________________________.
3. I'm on the pig's back! ________________________________.
4. We're staying in a lovely hotel. ________________________________.
5. There's an electric atmosphere in town.________________________________.
6. I saw a lot of lovely girls in the parade. ________________________________.
7. Yesterday, we went to Inch Strand. ________________________________.
8. Believe it or not, that beach is 3 miles long.________________________________.
9. The views were amazing altogether. ________________________________.
10. The sun is splitting the rocks and there isn't a breath of wind (to be felt).
______________________________________________.
11. I will return home next week.________________________________.
12. I'm looking forward to seeing you.________________________________.